Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2144(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) don bhliain airgeadais 2022
(2023/2144(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal leis gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') beachtas na gcuntas bliantúil Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) don bhliain airgeadais 2022 a bheith dlíthiúil agus rialta sna poncanna ábhartha uile; á chur in iúl gur oth léi gur caiteachas neamhchomhlíontach a bhí i méid iomlán EUR 4.2 milliún a sháraigh an tairseach ábharthachta a leagadh síos don iniúchadh, rud a d'fhág, dá bhrí sin, tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí ón gCúirt;

2. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar fhormhór bharúlacha na Cúirte sna blianta roimhe sin; ag tabhairt dá haire, ó 2020 i leith, gur thug an Chúirt barúlacha a bhaineann le soláthar maidir le laigí agus neamhrialtachtaí gach bliain; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna na barúlacha sin difear d'íocaíochtaí in 2021 agus in 2022; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil barúil amháin maidir leis an nós imeachta soláthair ó na blianta roimhe sin fós ar siúl;

3. á chur i bhfios go láidir nach sroicheann CEPOL ach sciar beag dá spriocdhaonra trína ghníomhaíochtaí oiliúna mar gheall ar mhéid measartha beag agus ar a bhuiséad bliantúil; á mholadh don Choimisiún staidéar meastóireachta a dhéanamh ar a indéanta atá sé CEPOL a chumasc le gníomhaireachtaí eile a thagann faoin sainchúram céanna;

4. ag tabhairt dá haire gur iarrataí seirbhíse agus na híocaíochtaí gaolmhara uile a rinneadh faoi dhá chreatchonradh a bhí mar bhonn le tuairim cháilithe na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais; ag meabhrú fhreagairt CEPOL, d'ainneoin na laige i ngealltanais dhlíthiúla a chur ar bhonn foirmiúil, gur ordaíodh na seirbhísí i gcomhréir le riachtanais agus rialuithe CEPOL agus nár tabhaíodh aon chaillteanas; ag cur sonrú, thairis sin, i mbarúil na Cúirte maidir le laige i gcur chun feidhme creatchonartha le haghaidh seirbhísí eagarthóireachta oideachais in 2022 agus an chonclúid go bhfuil na híocaíochtaí go léir faoin gcreatchonradh sin, arbh ionann iad agus €152 655 in 2022 neamhrialta; á chur in iúl gur oth léi gur léirigh torthaí na Cúirte nach raibh an méid oibre ar íocadh as ag freagairt don mhéid a rinneadh go hiarbhír agus go raibh easpa fianaise riachtanach iniúchta ann chun tacú leis na méideanna a íocadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta ceartaitheacha tugtha isteach ag CEPOL maidir leis na neamhrialtachtaí a aimsíodh;

5. á chur in iúl gur geal léi go ndearna CEPOL 418 ngníomhaíocht oiliúna in 2022, inar ghlac 43838 oifigeach forfheidhmithe dlí páirt, agus inar chuir sé 296 mhalartú chun feidhme go rathúil; á chur in iúl gur mór aici freisin an Páipéar Straitéise ón nGrúpa Saineolaithe faoi Chearta Bunúsacha arb é is aidhm dó na gnéithe bunúsacha a áireamh i ngach gníomhaíocht oiliúna; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur eagraíodh oiliúint *ad hoc* maidir le hiriseoirí iniúchacha a chosaint in 2022; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí sonracha oiliúna maidir le hábhair ar an bhfuathchoireacht, lena scaiptear eolas maidir le réitigh éifeachtacha tacaíochta íospartach;

6. á mheabhrú nach mór don oiliúint i bhforfheidhmiú dlí ar leibhéal an Aontais tosaíochtaí an Aontais a léiriú i gcomhréir le riachtanais oiliúna na mBallstát agus tacú le freagairt an Aontais ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus ar bhagairtí eile ar an tslándáil inmheánach, agus ba cheart cosaint na gceart bunúsach a bheith ina cholún lárnach i ngníomhaíochtaí oiliúna CEPOL; ag cur sonrú sna gníomhaíochtaí oiliúna i réimse na frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta, an sceimhlitheoireacht agus arm tine, na trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus na gníomhaíochtaí atá díríthe i gcoinne an antoisceachais agus an radacaithe; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh oiliúna maidir leis an gcibearchoireacht, an chibearfhóiréinsic, an intleacht shaorga, cosaint sonraí, cearta bunúsacha agus frithchiníochas ar leibhéal an Aontais; á iarraidh ar CEPOL trédhearcacht iomlán a áirithiú, ina ghníomhaíochtaí uile, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus don dlí idirnáisiúnta, go háirithe a ghníomhaíochtaí le tríú tíortha;

7. á chur in iúl gur mór aici freisin gur thug CEPOL sraith seimineár gréasáin a bhí ag freagairt ar an gcogadh san Úcráin agus anailís thiomnaithe ar riachtanais oiliúna *ad hoc*; agus gur thacaigh CEPOL le hoifig Ionchúisitheoir Ginearálta na hÚcráine chun oiliúint Faisnéise Foinse Oscailte a fhorbairt, chomh maith le suíocháin bhreise a thairiscint do rannpháirtithe na hÚcráine sna gníomhaíochtaí oiliúna i gcás inar féidir;

8. ag cur sonrú sa chomhar láidir le tríú tíortha, le gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus líonraí de chuid an Aontais go háirithe le Europol, Eurojust, Frontex, GEOB, an Coimisiún Eorpach, EMCDDA, EUIPO, FRA, EASO, agus eagraíocht idirnáisiúnta amhail Interpol;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 51 –: 1 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE ASKED FOR OPINION

51	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
NI	Laura Ferrara
PPE	Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

1	-
NI	Milan Uhrík

3	0
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche

Key to symbols:
+: i bhfabhar
-: i gcoinne
0: staonadh